



An Bhruiséil, 17 Nollaig 2025  
(OR. en)

16977/25

---

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2025/0423 (COD)**

---

---

**TRANS 657  
AVIATION 188  
MAR 177  
CLIMA 611  
COMPET 1373  
ENV 1409  
ENER 692  
ECOFIN 1769  
IND 631  
CODEC 2165**

**TOGRA**

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Nollaig 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le ríomh na gcreidmheasanna astaíochta le haghaidh feithiclí tromshaothair i gcás thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2029

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 784 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 784 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséal, 16.12.2025  
COM(2025) 784 final

2025/0423 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le ríomh na gcreidmheasanna astaíochta le haghaidh feithiclí tromshaothair i gcás thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2029**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

#### • Forais agus cuspóirí an togra

Le Rialachán (AE) 2019/1242<sup>1</sup>, socraítear caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> d'fheithiclí nua tromshaothair. Is rannchuidiú tábhachtach é chun na cuspóirí a leagtar amach i ndlí aeráide an Aontais a bhaint amach, lena n-áirítear an sprioc aeráidneodrachta do 2050 agus sprioc 2030 chun laghdú 55 % a dhéanamh ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> ar fud an gheilleagair i gcomparáid le 1990.

Is mór an tábhacht a bhaineann leis an tionscal mótarfheithiclí do gheilleagar an Aontais agus is é a ghineann níos mó ná 7 % de OTI an Aontais. Soláthraítear poist leis an earnáil - go díreach nó go hindíreach, sa mhonaraíocht, i ndíolacháin, sa chothabháil, san fhoirgníocht agus i seirbhísí iompair - do thart ar 13 milliún Eorpach. Tá claochlú struchtúrach á dhéanamh ar an earnáil mótarfheithiclí lena n-áirítear athruithe ar theicneolaíochtaí glana agus digiteacha. Leis na caighdeáin CO<sub>2</sub> sin, soláthraítear cinnteacht agus intuarthacht fhadtéarmach d'infheisteoirí feadh an tslabhra luacha, rud a chumasaíonn dá bhrí sin claochlú earnála den sórt sin, agus an tráth céanna tugtar aga tionscanta leordhóthanach le haghaidh aistriú cóir i dtreo feithiclí astaíochtaí nialasacha.

Ceanglaítear leis an rialachán go ndéanfar laghdú gach 5 bliana ar mheánastaíochtaí bliantúla CO<sub>2</sub> le haghaidh fhlít uile an Aontais ó fheithiclí tromshaothair. Ón mbliain 2025, cuirfear tús feidhme le sprioc laghdú 15 % a dhéanamh ar CO<sub>2</sub> i gcomparáid le luachanna 2019 i ngach tréimhse tuairiscithe le haghaidh na tréimhse 2025–2029 i gcás leoraithe troma ag a bhfuil uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil is mó ná 16 t. Ina dhiaidh sin tá sprioc laghdaithe CO<sub>2</sub> do ghrúpa níos leithne feithiclí tromshaothair, lena n-áirítear leoraithe ag a bhfuil TPMLM is mó ná 5 t agus busanna ag a bhfuil TPMLM is mó ná 7.5 t de 43 % is infheidhme ó 2030 ar aghaidh. Leis an sprioc dheiridh sin éilítear, go bunúsach, sciar suntasach d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha (e.g. ceallra-leictreacha) i measc feithiclí nua cláraithe monaróra.

Gach bliain, bunaítear meánastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus an sprioc shonrach i leith astaíochtaí CO<sub>2</sub> do gach monaróir, bunaithe ar an sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais, chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na monaróirí maidir lena spriocanna a chomhlíonadh.

Le Rialachán (AE) 2019/1242, ceadáítear do mhonaróirí creidmheasanna astaíochtaí a bhailiú má tá a n-astaíochtaí sonracha CO<sub>2</sub> faoi bhun na conaire laghdaithe astaíochtaí CO<sub>2</sub>, ar conair líneach í idir na spriocanna is infheidhme ag tús dhá thréimhse 5 bliana ina dhiaidh sin. Is féidir na creidmheasanna astaíochta sin a úsáid ansin le haghaidh comhlíontachta ag céim níos faide anonn.

Leis an leasú spriocdhírthe sin, tugtar solúbthacht bhreise do mhonaróirí maidir le spriocanna CO<sub>2</sub>, rud a chuireann ar a gcumas níos mó creidmheasanna astaíochtaí a bhailiú sna blianta roimh 2030. D'éascódh sé an comhlíonadh le linn tréimhse ó 2030 ar aghaidh, agus san am céanna choinneodh sé na spriocanna chun astaíochtaí CO<sub>2</sub> a laghdú. Tá modhnuithe breise a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán seo go hiomlán lasmuigh de raon feidhme agus

<sup>1</sup> Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> d'fheithiclí tromshaothair nua agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202).

d'aidhmeanna an togra seo. Féadfar measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le modhnuithe den sórt sin, de réir mar is iomchuí, i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá le teacht ar an Rialachán. Chun deimhneacht agus intuarthacht rialála a choinneáil, tá sé rithábhachtach go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an tsolúbthacht bhreise sin a chomhaontú go pras. Beidh plé cuiditheach ag an gCoimisiún leis na comhrechtóirí chun a áirithiú go gcaomhnófar cuspóir bunúsach an phróisis reachtaigh maidir leis an togra seo agus nach gcuirtear as a riocht é.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Ní leasaítear leis an togra seo rialacha substainteacha Rialachán (AE) 2019/1242 agus coinnítear na spriocanna leis. Freagraíonn an togra d'ábhair inní a chuir an earnáil mótarfeithiclí in iúl san Aontas, trí sholúbthacht bhreise a chur ar fáil do mhonaróirí chun cuspóirí an Rialacháin a chomhlíonadh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an Rialachán maidir leis an Dlí Aeráide Eorpach<sup>2</sup>, bunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach laistigh den Aontas faoi 2050. Ceanglaítear leis an rialachán glanastaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a laghdú 55 % ar a laghad (i gcomparáid le leibhéal 1990) faoi 2030. I gcomhréir le spriocanna laghdúcháin Dhlí Aeráide an Aontais, leagtar síos le Rialachán (AE) 2019/1242 spriocanna laghdaithe astaíochtaí le haghaidh feithiclí tromshaothair.

Mhol an Coimisiún freisin leasú ar an Dlí Aeráide Eorpach lena gcumhdaítear sprioc 2040 maidir le laghdú 90 %. Tá na seasaimh atá acu ar an gcomhad bunaithe ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa, agus tá an comhad faoi chomhchinnteoireacht faoi láthair.

Leis an togra seo, ní athraítear na spriocanna laghdaithe astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ní laghdaítear uaimhianta foriomlána na gcaighdeán maidir le hastaíochtaí CO<sub>2</sub>. Tugtar isteach leis solúbthacht bhreise do mhonaróirí feithiclí tromshaothair chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí 2030 a chomhlíonadh, agus an chinnteacht agus an intuarthacht d'infheisteoirí feadh an tslabhra luacha á gcoinneáil san am céanna.

## **2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 192 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí don togra seo. I gcomhréir le hAirteagal 191 agus Airteagal 192(1) de CFAE, rannchuideoidh an tAontas Eorpach, *inter alia*, leis na cuspóirí seo a leanas a shaothrú: cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú; bearta a chur chun cinn ar leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna réigiúnacha nó domhanda an chomhshaoil, agus go háirithe an t-athrú aeráide a chomhrac. Bunaithe ar Airteagal 192 CFAE, tá beartais glactha ag an Aontas cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> ó fheithiclí tromshaothair i Rialachán (AE) 2019/1242 agus sa chéad leasú a rinneadh air trí Rialachán (AE) 2024/1610<sup>3</sup>.

---

<sup>2</sup> Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

<sup>3</sup> Rialachán (AE) 2024/1610 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann leis na caighdeán feidhmíochta astaíochtaí CO<sub>2</sub> le haghaidh feithiclí nua tromshaothair a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, lena

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá an tionscnamh sin i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. Ní féidir leis na Ballstáit féin leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2019/1242 chun an tsolúbthacht bhreise sin a sholáthar.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhsheasmhach le prionsabal na comhréireachta, toisc nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar bhealach costéifeachtach, agus solúbthacht bhreise á soláthar do mhonaróirí feithiclí maidir lena gcomhlíonadh agus leibhéal uailmhéine na spriocanna á choinneáil an tráth céanna.

- **An rogha ionstraime**

Leis an togra ní leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 ach amháin a mhéid a bhaineann le solúbthacht bhreise a sholáthar maidir leis na tréimhsí comhlíontachta. Dá bhrí sin, ba cheart dó an cineál céanna gnímh, i.e. rialachán, a leanúint.

### **3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní gá aon mheastóireacht a dhéanamh ar an togra, ós rud é nach bhforáiltear leis ach do sholúbthacht shealadach do mhonaróirí feithiclí chun spriocanna laghdaithe CO<sub>2</sub> 2030 a chomhlíonadh.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bhí dianphlé fairsing ag an gCoimisiún le monaróirí agus le páirtithe leasmhara ón slabhra luacha mótarfeithiclí i gcruinnithe déthaobhacha agus i gcomhthéacs cruinnithe ardleibhéil maidir le feithiclí tromshaothair, ar cruinnithe iad a bhí ar siúl in R3 agus R4 de 2025.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Forbraíodh an togra tar éis próiseas grinnscrúdaithe inmheánaigh ar na hoibleagáidí atá ann cheana agus tá sé bunaithe ar thaithí ón reachtaíocht ghaolmhar a chur chun feidhme, lena n-áirítear an próiseas faireacháin bliantúil ar chomhlíonadh CO<sub>2</sub> na monaróirí.

- **Measúnú tionchair**

Baineann an togra le hathruithe spriocdhírthe ar Rialachán (AE) 2019/1242 chun solúbthacht shealadach bhreise a thabhairt do mhonaróirí a mhéid a bhaineann lena n-oibleagáidí comhlíontachta. Ní athraíonn sé leibhéal uailmhéine na spriocanna. Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair.

---

leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956 (<http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1610/oj>).

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

I gcomparáid leis an Rialachán atá ann faoi láthair, níl coinne leis go méadóidh an togra na costais riaracháin. Ina theannta sin, níl castacht an chreata dlíthiúil á méadú leis.

- **Ceartha bunúsacha**

Urramaítear leis an togra na ceartha bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh<sup>4</sup>. Go háirithe, leis an togra seo cuirtear leis an gcuspóir go dtabharfaí ardleibhéal cosanta don chomhshaoil i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe, mar a leagtar síos in Airteagal 37 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

#### **4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA**

Cuireadh an ráiteas airgeadais reachtach ina leagtar amach na himpleachtaí le haghaidh acmhainní buiséadacha, daonna agus riaracháin i gceangal leis an togra as ar eascair glacadh Rialachán (AE) 2019/1242 agus an t-athbhreithniú is déanaí a rinneadh air le Rialachán (AE) 2024/1610.

#### **5. EILIMINTÍ EILE**

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socrúithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní athraíonn an togra seo substaint na rialacha, tá an measúnú ar chur chun feidhme fós mar an gcéanna leis an togra as ar eascair glacadh Rialachán (AE) 2019/1242, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1610.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le hAirteagal 1(1) den Rialachán seo, déantar an méid seo a leasú:

- Airteagal 7(1)(a) de Rialachán (AE) 2019/1242 chun na rialacha athbhreithnithe a shonrú maidir leis na creidmheasanna astaíochta a chinneadh;
- Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 chun na foirmlí is gá a thabhairt isteach in Iarscríbhinn I pointe 5.2, lena gcuirtear chun feidhme an leasú ar Airteagal 7(1)(a).

---

<sup>4</sup> Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (IO C 326, 26.10.2012, lch. 391)

Togra le haghaidh

## **RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le ríomh na gcreidmheasanna astaíochta le haghaidh feithiclí tromshaothair i gcás thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2029**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<sup>5</sup>,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún<sup>6</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>7</sup> na spriocanna CO<sub>2</sub> d'fheithiclí tromshaothair, ar cuid lárnach iad de chreat an Aontais chun laghdú 55 % faoi bhun leibhéil 1990 ar a laghad a dhéanamh ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 agus chun aeráidneodracht ar fud an gheilleagair a bhaint amach faoi 2050.
- (2) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2019/1242 spriocanna laghdaithe astaíochtaí CO<sub>2</sub> a éiríonn níos déine de réir a chéile do mhonaróirí. Leis na spriocanna laghdúcháin sin, soláthraítear cinnteacht agus intuarthacht fhadtéarmach d'infheisteoirí feadh an tslabhra luacha, agus an tráth céanna tugtar aga tionscanta leordhóthanach le haghaidh aistriú cóir. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, leibhéal na spriocanna laghdaithe astaíochtaí CO<sub>2</sub> a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2019/1242 a choinneáil gan athrú.

---

<sup>5</sup> IO C , , lch. .

<sup>6</sup> IO C , , lch. .

<sup>7</sup> Rialachán (AE) Uimh. 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ([IO L 111, 25.4.2019, lch. 13](http://data.europa.eu/eli/reg/2019/631/oj), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/631/oj>).

- (3) Chun comhlíonadh na spriocanna is infheidhme ó 2030 ar aghaidh a éascú, i bhfianaise na moille ar imscaradh an bhonneagair luchtaithe phoiblí feadh mótarbhealaí le haghaidh feithiclí tromshaothair, ba cheart do na monaróirí a bheith in ann níos mó creidmheasanna astaíochta a ghiniúint roimh 2030, rud a d'fhéadfadh imscaradh níos luaithe feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha a dhreasú chomh maith.
- (4) Dá bhrí sin, is iomchuí nár cheart do mhonaróirí creidmheasanna astaíochta a bhailiú ach amháin le linn thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2029 má tá a n-astaíochtaí sonracha CO<sub>2</sub> faoi bhun na sprice i leith astaíochtaí sonracha CO<sub>2</sub> seachas faoi bhun na conaire laghdaithe astaíochtaí CO<sub>2</sub>.
- (5) Agus é á chur san áireamh go bhfuil dul chun cinn déanta cheana féin maidir le húsáid busanna uirbeacha astaíochtaí nialasacha agus nach bhfuil tionchar diúltach ar a n-úsáid de bharr easpa forbartha a d'fhéadfadh a bheith ar an mbonneagar luchtaithe phoiblí feadh mótarbhealaí, níor cheart feidhm a bheith ag an leasú seo maidir le busanna uirbeacha.
- (6) Cuspóirí an Rialacháin seo, is é sin solúbthacht bhreise a thabhairt do mhonaróirí feithiclí maidir lena gcomhlíonadh agus leibhéal uailmhéine na spriocanna laghdaithe CO<sub>2</sub> á choinneáil ar bun san am céanna, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit iad a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1242 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 mar a leanas:

(1) In Airteagal 7(1), leasaítear pointe (a) mar a leanas:

‘(a) an difríocht idir conair laghdaithe astaíochtaí CO<sub>2</sub> an mhonaróra sin dá dtagraítear i mír 2 do thréimhse tuairiscithe na bliana 2025 agus a mheánastaíochtaí sonracha CO<sub>2</sub> do thréimhsí tuairiscithe na mblianta ó 2025 go 2029; agus an difríocht idir conair laghdaithe astaíochtaí CO<sub>2</sub> do thréimhsí tuairiscithe na mblianta seachas ó 2025 go 2029 agus meánastaíochtaí sonracha CO<sub>2</sub> an mhonaróra sin don thréimhse tuairiscithe chéanna; má tá an difríocht sin dearfach (‘creidmheasanna astaíochta’); nó’

(2) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa  
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán*

## **RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**

1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	3
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh .....	3
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	3
1.3.	Cuspóirí.....	3
1.3.1.	Cuspóirí ginearálta .....	3
1.3.2.	Cuspóirí sonracha.....	3
1.3.3.	An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....	3
1.3.4.	Táscairí feidhmíochta.....	3
1.4.	Baineann an togra/tionscnaimh le: .....	4
1.5.	Foras an togra/tionscnaimh .....	4
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh .....	4
1.5.2.	Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. ....	4
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart .....	4
1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile.....	5
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh.....	5
1.6.	Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige .....	6
1.7.	Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme .....	6
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA.....	8
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....	8
2.2.	Córais bainistíochta agus rialaithe .....	8
2.2.1.	An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe .....	8
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....	8
2.2.3.	Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) .....	8

2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....	9
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH .....	10
3.1.	Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar.....	10
3.2.	An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe .....	12
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí .....	12
3.2.1.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	12
3.2.1.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha .....	17
3.2.2.	An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí .....	22
3.2.3.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair riaracháin.....	24
3.2.3.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	24
3.2.3.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha .....	24
3.2.3.3.	Iomlán na leithreasuithe .....	24
3.2.4.	Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach.....	25
3.2.4.1.	Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	25
3.2.4.2.	Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha .....	26
3.2.4.3.	Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach .....	26
3.2.5.	Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha .....	28
3.2.6.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha .....	28
3.2.7.	Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe.....	28
3.3.	An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam .....	29
4.	GNÉITHE DIGITEACHA.....	29
4.1.	Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha.....	30
4.2.	Sonraí .....	30
4.3.	Réitigh dhigiteacha.....	31
4.4.	Measúnú idir-inoibritheachta .....	31
4.5.	Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach .....	32

# 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

## 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 chun solúbthacht bhreise a áireamh do mhonaróirí feithiclí nua tromshaothair a mhéid a bhaineann le creidmheasanna astaíochtaí a ríomh i dtréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2029

## 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

An beartas aeráide

## 1.3. Cuspóirí

### 1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Leis na caighdeáin CO<sub>2</sub> sin, soláthraítear cinnteacht agus intuarthacht fhadtéarmach d'infheisteoirí feadh an tslabhra luacha sa tionscal mótarfeithiclí, agus an tráth céanna tugtar aga tionscanta leordhóthanach le haghaidh aistriú cóir. Is é is aidhm don togra leasaitheach solúbthacht bhreise a chur ar fáil do mhonaróirí chun sprioc 2030 maidir le CO<sub>2</sub> a chomhlíonadh, agus leibhéal na huailmhéine a fhágáil gan athrú an tráth céanna.

### 1.3.2. Cuspóirí sonracha

Baineann an togra le hathruithe spriocdhírthe ar an Rialachán maidir le feithiclí tromshaothair CO<sub>2</sub> chun solúbthacht bhreise a thabhairt do mhonaróirí: déantar foráil ann maidir leis an bhféidearthacht níos mó creidmheasanna astaíochta a bhailiú sna blianta roimh 2030, ar féidir iad a úsáid ansin le haghaidh comhlíontachta sna blianta ina dhiaidh sin.

### 1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Leis an leasú, dá nglacfaí é, chinnfí go mbaileodh monaróirí creidmheasanna astaíochta le linn thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2029 má tá a n-astaíochtaí sonracha CO<sub>2</sub> faoi bhun na spriocanna CO<sub>2</sub> seachas faoin gconair laghdaithe astaíochtaí.

### 1.3.4. Táscairí feidhmíochta

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht CO<sub>2</sub> na monaróirí le linn na tréimhse 2025 - 2030.

## 1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

beart nua

beart nua a leanann treoirhionscadal / réamhbheart<sup>8</sup>

síneadh ar bheart atá ann cheana

beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

<sup>8</sup> Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

## 1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Is é is aidhm don togra leasaitheach solúbthacht bhreise a chur ar fáil do mhonaróirí chun na spriocanna CO<sub>2</sub> a chomhlíonadh, agus an uailmhian fhoriomlán maidir leis na spriocanna laghdaithe CO<sub>2</sub> a choinneáil thar an tréimhse 2025-2040 an tráth céanna.

1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Is fadhb thrasteorann é an t- athrú aeráide, nach féidir a réiteach le gníomhaíochtaí náisiúnta nó áitiúla amháin. An gníomhú ar son na haeráide, is gá é a chomhordú ar leibhéal na hEorpa agus tá údar le beart ón Aontas ar fhorais na coimhdeachta. Ós rud é gur gá Rialachán (AE) 2019/1242 a mhodhnú trí sholúbthacht bhreise a sholáthar a mhéid a bhaineann leis na tréimhsí comhlíontachta, ní féidir leis na Ballstáit féin cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Leis an togra, cuirtear le reachtaíocht atá ann cheana lena n-áiritheofar laghduithe leanúnacha ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> ó fhliú an Aontais d’fheithiclí tromshaothair nua.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Níl acmhainní breise de dhíth.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Níl acmhainní breise de dhíth.

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

**tréimhse theoranta**

- i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

**tréimhse neamhtheoranta**

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme<sup>9</sup>**

**Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

**Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

**Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad
- eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)
- an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta
- comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais
- comhlachtaí dlí poiblí
- comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh
- comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha
- comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha
- comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag

---

<sup>9</sup> Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: <https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx>.

